
# Tuarascáil Riosca Oifige – Bealtaine 2022

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha ar an Idirlíon gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar ‘theasléaráid déine’ riosca. Is iad sin na rioscaí ‘iarmharacha’, agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar ‘ard’ tugtha sa roinn ‘conclúidí’.




| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | Impleachtaí don Oifig mar thoradh ar fhorálacha ábhartha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh |
| 2 | Ganntanas foirne agus d’fhéadfadh nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht foirne atá ann faoi láthair |
| 3 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| 4 | D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí agus scrúduithe a éascú |
| 5 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| 6 | Mainneachtain oibleagáidí seachtracha a chomhlíonadh maidir le gníomhú ar son na haeráide |
| 7 | D’fhéadfadh páirtithe leasmhara a mheas nach leor spriocanna deimhniúcháin agus leibhéal an aschuir tuairiscithe |
| 8 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| 9 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair ón mbaile thar thréimhse fhada agus riachtanais níos casta |
| 10 | Acmhainní nach bhfuil ailínithe le cuspóirí straitéiseacha |

## Conclúidí ó RMC

Ní mheasann RMC go bhfuil aon rioscaí iarmharacha ardrátáilte ann faoi láthair. Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca agus bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán RMC i mí na Bealtaine 2022 gurb iad na *himpleachtaí don Oifig mar thoradh ar fhorálacha ábhartha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh* an riosca is mó atá roimh an Oifig anois, mar gheall ar reachtaíocht atá beartaithe i réimse na nochtaí cosanta agus athbhreithniú ar an reachtaíocht lena rialaítear an Oifig. Laghdaíodh an riosca *go bhféadfadh páirtithe leasmhara seachtracha a mheas nach leor spriocanna deimhniúcháin iniúchóireachta agus/nó leibhéal an aschuir tuairiscithe* mar gheall ar na freagairtí dearfacha i gcoitinne ar an suirbhé aiseolais cliant a rinneadh le déanaí. Baineadh den chlár an riosca a bhaineann leis an aistriú chuig obair chumaisc i bhfianaise chomhaontú an bheartais oibre cumaisc agus thús na treoirthréimhse.